

## Aighneacht

### Polasaí Oileánda

## An Roinn Chultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

### Aibreán 2020

#### CÚLRA CHONRADH NA GAEILGE

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus is iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag [www.cnag.ie](http://www.cnag.ie).

#### INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Polasaí Oileánda.

Is é an chéad uair i stair an Stáit go bhfuil Polasaí Oileánda á fhorbairt. Is léir don Roinn cé chomh híogair agus iargúlta is atá na hoileáin. Tá formhór na n-oileán mar chuid den Ghaeltacht agus bíonn an cultúr is saibhre sa tír ar na hoileáin seo.

Is í an aidhm atá sna moltaí seo san aighneacht ná cinntiú go gcothaítear agus go bhforbraítear na pobail sna hoileáin Ghaeltachta seo.

Tá ról ríthábhachtach ag an Roinn Chultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i dtaobh inmharthanachta pobal na n-oileán. Ar ndóigh tá freagracht ar Ranna Rialtais eile sa réimse seo freisin.

## SUÍOMH SOCHTHEANGEOLAÍOCHTA NA NOILEÁN GAELTACHTA

An bealach is fearr gur féidir linn breathnú ar an suíomh sochtheangeolaíochta ná ar bhonn na ceantair phleanála teanga. Tá 4 cheantar phleanála teanga a bhfuil a bhfuil mar oileán, sin Oileán Chléire, na hOileáin Árann, Árann Mhór agus Toraigh.

Cumas Gaeilge a labhairt:

Oileán Chléire – 62.5%  
Na hOileáin Árann – 83.5%  
Árann Mhór – 86.6%  
Toraigh – 90.1%

Is é an meán sa Ghaeltacht ná 67.4%. Mar sin i bhformhór na hoileáin tá siad thar an mheán. Cé go bhfuil cumas labhartha na Gaeilge tábhachtach, tá sé níos tábhachtaí í a labhairt. As seo is féidir sláinte an teanga a mheas. Is é an céatadán den daonra ar na hoileáin a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais an bealach chun é sin a mheas.

Céatadán den daonra a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais:

Oileán Chléire – 40%  
Na hOileáin Árann – 68.4%  
Árann Mhór – 54.8%  
Toraigh – 85%

De réir an *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011* ‘Maíodh san SCT go n-éiríonn an bonn sóisialta a bhfuil na nósanna mionteanga fréamhaithe iontu mísheasmhach i limistéar ar leith nuair a thiteann líon na gcainteoirí gníomhacha mionteanga sa limistéar sin faoi bhun tairsí de 70% den phobal’. Mar a fheictear sna torthaí daonáireamh ansin, níl ach oileán amháin a bhfuil an Ghaeilge fréamhaithe go seasmhach agus is sin Oileán Thoraigh. Tá gá aisiompú teanga a dhéanamh sna hoileáin eile láithreach, nó ní mhairfidh siad mar Ghaeltacht sa todhchaí. Is féidir é seo a dhéanamh tríd an bpróiseas phleanála teanga, breis infheistíochta, bonneagar ceart agus seirbhísí cuí cuimsitheach a chur ar fáil do mhuintir na n-oileán. Tá gá a chinntiú go bhfuil a dhóthain airgead ann leis an bplean teanga a chur i bhfeidhm, mar shampla beidh an t-oifigeach phleanála teanga ag taisteal ó oileán go hoileán go minic, beidh costais taistil le tógáil san áireamh ansin. Ach caithfear a chuimhneamh cé go bhfuil na hoileáin scoite amach ón mhórhóir, tá tionchar an mhórhóir, ie an Stát ann níos mó ná riamh. Mar sin tá gá an Ghaeilge a normalú i gcoitinne sa Stát chun cuidiú leis an aisiompú teanga seo. Caithfear breathnú ar seo ar bhonn uilíoch.

## DAONRA NA NOILEÁN

Tá daonra na n-oileán tar éis titim 68% ó 1926. I 1926 bhí daonra na n-oileán 8,585, sa daonáireamh is déanaí i 2016 bhí an daonra 2,734, cé go bhfuil daonra an stáit tar éis fás leis na mblianta.

Tá sé thar am daoine a mhealladh chun cónaí ar na hoileáin. Dar ndóigh caithfear a bheith cúramach maidir le cúrsaí sochtheangeolaíochta i dtaobh seo de. Mar sin is cainteoirí Gaeilge amháin a chaitfear a mhealladh má tá aisiompú teanga le tarlú. Beidh seo ar an ngníomh is éifeachtaí chun aisiompú teanga a dhéanamh. Aon duine a chuaigh ar imirce ó na hoileáin is fiú iad a mhealladh ar ais. Tá feachtas ag Údarás na Gaeltachta chun imircigh a thabhairt ar ais chun na Gaeltachta, ní gá ach é a dhíriú ar mhuintir na n-oileán chomh maith san fheachtas seo.

## DEARCTHAÍ AN PHOBAIL

Léiríonn taighde go gcreideann 66% den phobal gur chóir don Stát níos mó tacaíochta a thabhairt don Ghaeilge agus seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go gcreideann 70% gur chóir go mbeadh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Creideann nach mór **leath ó thuaidh** agus **beirt i ngach tríúr** ó dheas gur cheart don Stát níos mó tacaíochta a thabhairt don Ghaeilge; méadú suntasach ó 2015.


Bunús: Daoine Fásta, Aois 15+, 16+ (ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

*"Ba cheart go gcuirfeadh an Stát níos mó tacaíochta ar fáil don Ghaeilge."*



Níos Airde I Measc	%
55-64	20
Baile Átha Cliath	18
ABs	16

Easaontú Iomlán	%
Easaontú go láidir	4
Easaontú go pointe	8




Níos Airde I Measc	%
Connacht / Uladh	76
Pobla feirmeoireachta	75
65+	71
Cúige Mumhan	70
Cúige Laighean	70

Aontú Iomlán	%
Aontú go láidir	29
Aontú go pointe	37

Níos Airde I Measc	%
Tuaisceart	53
65+	43
AB	37
55-64	35

Easaontú Iomlán	%
Easaontú go láidir	16
Easaontú go pointe	16



Níos Airde I Measc	%
Cathair Bhéal Feirste	60
16-24	53
25-34	52
DE	50

Aontú Iomlán	%
Aontú go láidir	19
Aontú go pointe	27

Léiríonn ( ) sonraí 2015

KANTAR MILLWARD BROWN



Creideann **seachtar i ngach deichniúr** gur cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.


Bunús: Daoine Fásta, Aois 15+, 16+ (ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

*"Ba cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát ar fáil trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid."*



Níos Airde I Measc	%
15-64	17
Baile Átha Cliath	13

Easaontú Iomlán	%
Easaontú go láidir	3
Easaontú go pointe	6




Níos Airde I Measc	%
Cúige Mumhan	80
Connacht / Uladh	78
DEs	75
35-44	73

Aontú Iomlán	%
Aontú go láidir	29
Aontú go pointe	41

Níos Airde I Measc	%
Tuaisceart	45
65+	42
AB	39
55-64	31

Easaontú Iomlán	%
Easaontú go láidir	14
Easaontú go pointe	14



Níos Airde I Measc	%
Cathair Bhéal Feirste	66
16-24	65
25-34	64
DE	59

Aontú Iomlán	%
Aontú go láidir	21
Aontú go pointe	35

Léiríonn ( ) sonraí 2015

KANTAR MILLWARD BROWN



## OIDEACHAS AR NA OILEÁIN

Seo na moltaí atá ag Conradh na Gaeilge maidir le cúrsaí oideachais ar na hoileáin:

- 1) Go mbeidh gach scoil ar na hoileáin aitheanta mar scoil deis
- 2) Liúntas Oileánda agus Gaeltachta a thabhairt ar ais do na múinteoirí agus deontas taistil a chur ar fáil dóibh chomh maith
- 3) Ardú leathdháileadh múinteora go 2.5 WTE
- 4) Leathnú a dhéanamh ar na hábhair a mhúinteoir sna hiar-bhunscoileanna
- 5) Go gcuirfear an deontas Gaeilge & Dátheanganaís, 103 euro @ dalta sa bhliain, ar fáil do gach iar-bhunscoil ar na hoileáin.
- 6) Tá na scoileanna ar na hoileáin ag feidhmiú de réir rialacha atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais do scoileanna ar an mórthír. Tá gá don Roinn plé a dhéanamh lena scoileanna oileánda chun na difríochtaí a bhaineann le scoileanna na hoileáin aithint agus rialacha nua a leagadh síos do na scoileanna sin a bheadh in oiriúint don scolaíocht oileánda.
- 7) Go leanfar, agus go gcuirfear leis, an scéim scoláireachtaí d'iar-bhunscoileanna Ghaeltachta.

Ba chóir na moltaí *Tuarascáil maidir leis na Dúshláin atá roimh Scoileanna ar Oileáin* a chur i bhfeidhm chomh maith.

## CÓRAS IOMPAIR DO NA OILEÁIN

Tá gá don Rialtas a chinntiú go mbeidh córas iompair shásúil ar fáil do gach oileán. An méid is mó rogha iompar do na hoileáin, sé is fearr é. Caithfidh ar a laghad córas iompair farantóireachta sábháilte a bheith ar fáil ag gach oileán, gan trácht ar bháid lastais. Mar chuid de seo caithfear bonneagar ceart a leagadh síos ar nós céibheanna agus go mbeidh rochtain ann do dhaoine faoi mhíchumas. Tá gá na calafoirt a fhorbairt agus a chinntiú go bhfuil seirbhísí riachtanach ar nós leictreach, uisce, breosla ar fáil ar gach céibh mar aon le háiseanna do bháid fharantóireachta. Caithfear iad a chaomhnú go rialta. Caithfear a chinntiú go bhfuil rochtain ann do na seirbhísí éigeandála ar gach oileán. Ba chóir go mbeidh an córas taistil agus lastais saor in aisce do phobal an oileáin mar atá i bhformhór na hEorpa.

## EAGRAÍOCHTAÍ IONADAÍOCH

Comhdháil Oileáin na hÉireann: Tacaíocht agus buiséad faoi leith a bheith ar fáil don eagraíocht seo atá ag feidhmiú ar son na hoileáin ar fad.

Comharchumainn Ghaeltachta ar na hoileáin: Tacaíocht agus buiséad cuí a bheith ar fáil do na Comharchumainn.

## BANDA LEATHAN AR NA OILEÁIN

Cé go raibh an Rialtas mall i dtaobh banda leathan a leagadh síos i gceantar tuaithe, tá sé á dhéanamh anois. Fáiltíonn Conradh na Gaeilge roimh go 'beidh sé oileán Gaeltachta ina gcuid den éiceachóras [GTeic] digiteach sin a bhfuil fás ag teacht air.' mar atá luaite sa phlépháipéar. Caithfear spriocdháta a leagadh síos sa pholasaí seo.

## SEIRBHÍSÍ POIBLÍ AR NA OILEÁIN

Seirbhísí poiblí ar na hoileáin a bheith ar fáil don leibhéal agus caighdeán atá ar fáil ar an mórthír. Go mbeadh na seirbhísí seo ar fáil i nGaeilge. Go mbeadh polasaí earcaíochta leagtha amach chun é seo a chinntiú agus go mbeadh liúntas Ghaeltachta mar chuid den pholasaí sin.

Tá gá le *Foilseachán Sláinte ar Sheirbhísí Cúraim Phríomhúil na nOileán* a chur i bhfeidhm. Seirbhísí teiripeoirí urlabhra agus fioclóra a chur ar fáil ar gach oileán. Freisin go mbeidh altra ar fáil ar an oileán 7 lá na seachtaine. Tá gá a chinntiú go bhfuil an córas séarachais ag obair i gceart, tá gá le breis infheistíochta a dhéanamh ar sin, is ceist sláinte an phobail atá i gceist le seo.

## FOSTAÍOCHT

I bhformhór na n-oileán tá an leibhéal dífhostaíochta thar a bheith ard. Is é an meán ráta dífhostaíochta de réir an daonáirimh i 2016 12.9%. De réir *Próifíl Shocheacnamaíoch de na seacht gCeantar Gaeltachta in Éirinn* is é rátaí dífhostaíochta na hoileáin éagsúla ná:

Oileán Chléire – 3.6%

Na hOileáin Árann – 20.9%

Árann Mhór – 42.1%

Toraigh – 46.7%

An ráta dífhostaíochta i ndaonáireamh 2016 sa Ghaeltacht i gcoitinne ná 15.1%. Rud a léiríonn go bhfuil na hoileáin níos imeallaithe, i gceantar imeallaithe fiú. Is fiú breathnú ar Oileán Chléire agus a fheiceáil céard atá ag oibriú ansin agus é a chóipeáil go dtí na hoileáin eile.

Iascaireacht: Polasaí a leagadh síos d'iascairí ar oileán agus tacaíochtaí a chur ar fáil. Tá gá na cuótaí a ardú ionas gur féidir le hiascairí saol maireachtála a dhéanamh as.

## BREIS INFHEISTÍOCHTA

Mar atá léirithe anseo, níl ag éirí le pobal na n-oileán ar go leor cúinsí, teangeolaíochta, fostaíochta, srl. Tá gá infheistíocht sa bhreis a dhéanamh sna hoileáin chun é sin a réiteach. Níor chuidigh sé gur ghearradh buiséad chaipitil Údarás na Gaeltachta 70% i 2008. Níl an buiséad ardaithe a dhóthain ón leibhéal gearradh sin 12 bliain níos déanaí. <https://tuairisc.ie/buisead-2020-beag-dochas-don-ghaeilge-seachas-ardu-dudaras-na-gaeltachta/> Tá gá maoiniú sa bhreis a thabhairt do na Comharchumainn Oileánda. Mar atá foilsithe i *dTuarascáil ar an Toscaireacht Chuig Inis Mór, Oileáin Árann 'Go socrófar na costais taistil ar na daoine áitiúla ar bhonn inacmhainne ionas nach mbeidh sé mar mhíbhuntáiste breise orthu a bheith ina gcónaí ar na hOileáin Árann seachas ar an míntír – is é sin do dhaoine a bhíonn ag taistil gach lá, do dhaoine a bhíonn ag freastail ar chúrsaí leighis nó ar chúrsaí oideachais, do dhaoine nach bhfuil post nó post lán-aimseartha acu, agus do phinsinéirí.'* Freisin tá sé luaite sa tuarascáil chéanna 'Go dtabharfar gach tacaíocht d'earnáil na feamainne ar Oileáin Árann ar bhealach a dhéanfaidh leas do mhuintir na háite'. Chun turasóireacht a spreagadh sa cheantar tá an tuarascáil ag rá 'Go dtabharfaidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt gach uile chúnadh chun tithe samhraidh breise agus áiteanna eile le fanacht a sholáthar i gcomhair thurasóirí ar na hOileáin Árann'. Sa tuarascáil chéanna tá sé tithíocht agus áiseanna luaite 'Go ndéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe athbhreithniú ar a chuspóir tithe a thógáil ar an áit ar Inis Mór atá roghnaithe aige faoi láthair agus go dtabharfaidh an Chomhairle an suíomh seo do mhuintir an oileáin mar shuíomh le páirc spraoi agus spóirt agus go dtabharfaidh an Chomhairle tacaíocht chun an suíomh a fhorbairt'. Tá gá breathnú ar Thascfhórsa Idirghníomhaireachta Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh mar shampla den bhealach gur féidir breis infheistíochta a phleanáil do na hoileáin.

Tithíocht: Ciste ag teastáil do thithe sóisialta a thógáil agus sean tithe a athchóiriú.

Dreasachtaí Cánacha: Tá dreasachtaí cánacha a thabhairt isteach chun aitheantas a thabhairt ar an gcostas maireachtála ard atá ar oileán.

## TURASÓIREACHT CHULTÚRTHA

Is gá an turasóireacht cultúrtha a spreagadh. Ach go háirithe is ga díriú ar na deiseanna atá ann maidir le foghlaimeoirí fásta a mhealladh, ag tarraingt ar an gceangal a bhíodh ag na hoileáin le foghlaimeoirí ó thús ré na hathbheochana. Nuair a smaoinear ar thorthaí oibre JM Synge ag foghlaim na Gaeilge sna hOileáin Árann, gur as sin a tháinig an chuid dá saothar litríochta. B'fhiú smaoineamh ar Choláistí Samhraidh sa bhreis a bhunú. Tá sé ráite i d*Tuarascáil ar an Toscaireacht Chuig Inis Mór, Oileáin Árann* 'Go dtabharfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna gach uile chúnaimh chun líon an lucht freastail sna coláistí samhraidh ar na hOileáin Árann a ardú agus níos mó daltaí de gach aois a mhealladh iontu'. Baineann an deis seo lena hoileáin eile freisin. Tá go leor Gaelscoileanna sa tír agus clubanna óige trí Ghaeilge ab fhiú margaíocht a dhéanamh chun iad a mhealladh ar thuras go dtí na hoileáin. Tá oidhreacht dochreidte ar na hoileáin ag dul siar na mílte bliain agus is fiú tarraingt ar an oidhreacht seo. Tá sé tábhachtach na nósanna seanbhunaithe sin a choinneáil agus é a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Beidh seo thar a bheith tábhachtach do phobal na n-oileán chomh maith.

Ba chóir bealaí glasa a chur ar fáil ar na hoileáin le go mbeidh sé níos éasca do thurasóirí taistil timpeall ar na hoileáin. Go mbeadh ciste faoi leith curtha ar fáil do thograí agus infheistíocht i turasóireacht ar na hoileáin idir siúlóidí, turasóireachta mara, oidhreacht agus teanga. Teastaíonn infheistíocht i dturasóireacht ar an oileán: turasóireacht mara, faoiseamh maidir le cáin, rátaí agus tacaíochtaí dífhostaíochta do dhaoine atá ag obair go séasúrach.

## AN ÓIGE AGUS SPÓIRT

Caithfear na háiseanna agus óige a chur ar fáil. Tá gá le ciste chun é seo a bhaint amach. Freisin tá gá le ciste tacaíochta maidir le taistil go himeachtaí ar an mórthír.

## CÚRAM LEANAÍ

Tá liúntais, deontais agus tacaíochtaí caipitil do chúram leanaí ag teastáil ar na hoileáin. Caithfidh na tacaíochtaí seo a bheadh mór go leor chun cur san áireamh na costais mhaireachtála breise a bhaineann le hoileáin.

## IONADAÍOCHT OILEÁIN

Go mbeadh ionadaíocht ag na hOileáin ar Bhord Údarás na Gaeltachta.

## TAIGHDE IDIRNÁISIÚNTA

Tá gá breathnú ar conas atá rialtais timpeall an domhain ag plé lena hoileáin féin agus na samplaí is fearr a roghnú chun iad a chur i bhfeidhm in Éirinn.

## MONATÓIREACHT AR CHUR I BHFEIDHM AN POLASAÍ OILEÁNDA

Is gá na spriocanna sa pholasáí oileánda a bheith SICRU (Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch agus Uainithe). Chun é sin a bhaint amach caithfear clár ama a leagadh síos chun na spriocanna a bhaint amach agus is gá buiséad a cheangal lena spriocanna. Mar atá léirithe, níl a dhóthain infheistíochta á dhéanamh sna hoileáin.

Tá Conradh na Gaeilge ag lorg ré nua infheistíochta mar chuid den Pholasáí Oileánda. Beidh gá le tuairiscí bliantúla a fhoilsiú maidir le dul chun cinn an pholasáí. Ba chóir go mbeadh ról ag an gComhchoiste Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán i monatóireacht a dhéanamh ar na tuairiscí seo. Freisin tá le 'profáil oileánda' a dhéanamh maidir le haon ghníomh a dhéanann an rialtas, ionas nach bhfuil dochar á dhéanamh do phobal na n-oileán. Bíodh sé luaithe sa tuairisc bhliantúil freisin maidir leis an méid uaireanta a rinneadh 'profáil oileánda'.

## CONCLÚID

Is maith go bhfuil an polasaí oileánda seo á dhréachtú. Ach is féidir na mílte polasaithe, straitéisí, reachtaíocht, srl. a fhoilsiú, ach mura bhfuil siad curtha i bhfeidhm níl aon mhaitheas leo.

Aithníonn Conradh na Gaeilge na forbairtí atá déanta le cúpla bliain anuas, ar nós banda leathan a chur ar fáil, céanna nua agus aerfort na Mine a cheannach.

Tá Conradh na Gaeilge ar fáil má tá aon cheist agaibh faoin aighneacht seo.